

# Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh

**Tionscadal Caipitil 1021**
**Céim 3 Bróisiúr um Nuashonrú**
**Earrach 2022**



EIRGRID
Delivering a cleaner energy future

# Cad is EirGrid ann – agus cad a dhéanaimid?

Tá EirGrid freagrach as leictreachas sábháilte, slán agus iontaofa a sholáthar – anois agus sa todhchaí.

Déanaimid an gréasán tarchurtha leictreachais a fhorbairt, a bhainistiú agus a fheidhmiú. Tugtar ar an eangach seo cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil gá léi ar fud na hÉireann. Bainimid úsáid as an eangach seo chun cumhacht a sholáthar don tionscadal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Baintear úsáid as an eangach chun cumhacht a sholáthar don ghréasán dáileacháin, chomh maith leis an leictreachas a úsáidtear gach lá sa bhaile, san oifig, ar scoil, san ospidéal agus ar an bhfeirm.

## Maidir leis an nuashonrú seo

Tá an nuashonrú seo dírithe ar pháirtithe leasmhara, pobail, úinéirí talún agus baill den phobal ar mian leo an nuacht is deireanaí a fháil faoi Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Insítear duit ann faoi:

- na forbairtí is deireanaí maidir le hUasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh;
- ár gcur chuige sé chéim maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt;
- an teicneolaíocht a úsáidimid le haghaidh an tionscadail seo;
- an chéad rud eile a tharlóidh; agus
- an áit a bhfaighidh tú tuilleadh faisnéise.

## Príomhthoradh

Tar éis anailís theicniúil agus rannpháirtíocht phoiblí in 2020, is é an rogha a roghnaíodh le haghaidh an uasghrádaithe eangaí seo cábla faoin talamh 400kV ó fhostáisiún Fhearann na Coille i gContae na Mí go fostáisiún Belcamp i mBaile Átha Cliath Thuaidh. Cuirtear síos ar an gcaoi ar roghnaíodh an rogha seo níos faide anonn sa bhróisiúr.

Beidh comhairliúchán poiblí againn i bhfómhar 2022 ar roghanna bealaigh féideartha le haghaidh an chábla seo faoin talamh.



# Cad é Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh?

Neartóidh Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh an gréasán leictreachas in oirthear na Mí agus i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath chun aistriú na cumhachta a fheabhsú trasna an ghréasáin tarchuir reatha.

Cuirfidh an tionscadal nasc leictreachais cábla faoin talamh 400 kV ar bun ó fhostáisiún Fhearann na Coille cóngarach do Bhaile an Bhóthair i gContae na Mí go fostáisiún Belcamp cóngarach do Chluain Seach i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath.

Teastaíonn uasghrádú uainn ar an ngréasán chun:

- tabhairt faoin éileamh méadaithe ar leictreachas sa Mhí Thoir agus i mBaile Átha Cliath Thuaidh;
- úsáid breoslaí iontaisí le haghaidh giniúint leictreachais i mBaile Átha Cliath a laghdú;

Ag caint go ginearálta, tacóidh an tionscadal le daingniú an tsoláthair leictreachais agus neartú an ghréasáin, ag dréim le forbairt fuinnimh inathnuaite amach anseo ar tír agus amach ón gcósta.

## Plean Gníomhaithe Rialtas na hÉireann ar son na hAeráide 2021


I bPlean Gníomhaithe 2021 éilítear go dtiocfaidh suas le 80% de leictreachas na hÉireann ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite faoi 2030. Leagtar amach sa phlean go mbeidh bonneagar breise ginte agus tarchurtha leictreachais ríthábhachtach chun na spriocanna um fhuinneamh inathnuaite agus astaíochtaí a bhaint amach.



# Cad é ár gcur chuige 6 chéim maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt?

Tá cur chuige sé chéim againn maidir leis an eangach leictreachais a fhorbairt agus tuairimí ár bpáirtithe leasmhara a bhailiú agus a thuiscint le linn an phróisis seo.

Inár bhfoilseachán 'Bíodh Deis Labhartha Agat' tugtar achoimre ar ár ngealltanas teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus éisteacht leo. Inár bhfoilseachán 'Straitéis Teagmhála Poiblí' mínítear conas a dhéanaimid teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara maidir le tionscadail mar seo a fhorbairt. Is féidir leat an dá fhoilseachán a léamh ag **www.eirgrid.ie**




**Fíor 1: Ár gcur chuige 6 chéim i leith an eangach leictreachais a fhorbairt**

Tá an tionscadal anois ag Céim 3. Ag obair i gcomhar le gach páirtí leasmhar, táimid ag beartú bogadh go Céim 4 i bhfómhar 2022, mar a scrúdóimid roghanna bealaigh éagsúla chun a shocrú go díreach cén áit na cáblaí leictreachais faoin talamh a chur. Beidh comhairliúchán poiblí againn chun bhur dtuairimí a fháil maidir leis na roghanna bealaigh éagsúla atá á measúnú. Cuirfimid ar bun freisin fóram pobail chun a chinntiú go gcloistear ábhair imní agus tuairimí an phobail áitiúil, cónaitheoirí agus grúpaí gnó. Tá tuilleadh faisnéise faoi seo ar fáil ar leathanach 10.




**Fíor 2: Ár n-amlíne sé chéim le haghaidh Uasghrádú Eangach na Mí Thoir – Bhaile Átha Cliath Thuaidh**



# Cad a tharla go dtí seo?

**Céim 1:** In 2017, dheimhníomar an gá le hUasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

**Céim 2:** In 2020, thiomsaíomar gearrliosta de sheacht rogha theicniúla agus bhí comhairliúchán poiblí againn orthu seo.

Ba iad na seacht rogha:

- Ciorcad líne lasnairde 400 kV ó Fhearann na Coille go dtí an Chorr Dhubh
- Ciorcad cábla faoin talamh 400 kV ó Fhearann na Coille go dtí an Chorr Dhubh
- Ciorcad líne lasnairde 220 kV ó Fhearann na Coille go dtí an Chorr Dhubh
- Ciorcad líne lasnairde 220 kV ó Fhearann na Coille go dtí Fionnghlas
- Ciorcad cábla faoin talamh 400 kV ó Fhearann na Coille go dtí Fionnghlas
- Ciorcad líne lasnairde 400 kV ó Fhearann na Coille go dtí Fionnghlas
- Ciorcad líne lasnairde 400 kV ó Fhearann na Coille go Belcamp

Rinneamar measúnú ar na roghanna seo a thuilleadh faoi na cúig chatagóir seo a leanas:

1. Gnéithe teicniúla; Comhlíonadh le Caighdeáin Leictreachais/ Gnéithe Oibríochtúla,
2. Fachtóirí Eacnamaíocha; costais a bhaineann le Feidhmiú an Tionscadail,
3. Fachtóirí Comhshaoil; an Bhithéagsúlacht/ gnáthóga/coinníollacha talún/seandálaíocht,
4. Fachtóirí socheacnamaíocha – amhail an geilleagar áitiúil agus fóntais áitiúla; agus
5. Fachtóirí inseachadta – amhail amlíne agus rioscaí féideartha.




**Fíor 3: Na cúig chatagóir a bhainimid úsáid astu chun na roghanna a mheas, mar aon leis an aiseolas a thugann sibh**

Bunaithe ar an measúnú agus ar aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí a rinneadh in 2020, ba iad na roghanna is fearr feidhmíocht ag an gcéim seo den tionscadal na roghanna 400 kV a nascann fostáisiún Fhearann na Coille go fostáisiún Fhionnghlaise nó Belcamp. De bhrí gurb é ár gcleachtas caighdeánach na roghanna lasnairde agus faoin talamh araon a scrúdú, chuireamar rogha bhreise ar an ngearrliosta – ciorcad cábla faoin talamh nua 400 KV Fhearann na Coille go Belcamp.

In 2021 d'fhoilsíomar an tuairisc mheasúnaithe seo ar ár suíomh gréasáin tionscadail, agus is féidir teacht air ag
**www.eirgrid.ie/EastMeathNorthDublin**.

Ag deireadh Chéim 2, rinneamar na ceithre rogha theicniúla is fearr feidhmíocht chun iad a scrúdú a thuilleadh i gCéim 3. Ba iad seo:

- Líne lasnairde 400 kV ó Fhearann na Coille go Fionnghlas
- Cábla faoin talamh 400 kV ó Fhearann na Coille go Fionnghlas
- Líne lasnairde 400 kV ó Fhearann na Coille go Belcamp
- Líne lasnairde 400 kV ó Fhearann na Coille go Belcamp

**Céim 3:** In 2021, rinneamar staidéir indéantachta ar na ceithre rogha theicneolaíochta is fearr feidhmíocht a aithnítear i gCéim 2. Cuireadh iad seo i gcrích i Márta 2022.

Fuair na staidéir amach go raibh dúshláin shuntasacha i gceist le trí cinn de na ceithre rogha theicniúla agus níl siadsan á dtabhairt chun cinn a thuilleadh. Ina measc, tá:

- **I bhFionnghlas** – Níl go leor spás fisiciúil ag an stáisiún reatha chun tacú leis an trealamh breise a theastaíonn le haghaidh líne lasnairde ná cábla faoin talamh 400 kV. Imríonn an spás fisiciúil srianta ar an láithreán athfhorbraíochta tionchar ar an bhforbairt seo agus ar fhorbairtí amach anseo ag an suíomh seo. Chomh maith leis sin, chun Fionnghlas a úsáid bheadh gá le bristeacha trealaimh fada atá deacair a dheonú nuair atáthar ag cinntiú shlándáil an tsoláthair chumhachta i gceantar Bhaile Átha Cliath.
- **In Belcamp** – Bhí roinnt srianta ann a aithníodh ag an stáisiún seo.  Ó dhearcadh timpeallachta, bheadh gá le líne lasnairde dul trasna Inbhear Mhullach Íde, limistéar faoi chaomhnú speisialta agus limistéar faoi chosaint speisialta.

**Leanfaimid ar aghaidh go Céim 4 le ciorcad cábla faoin talamh 400 kV ó Fhearann na Coille go Belcamp**. I gCéim 4, scrúdóimid na roghanna bealaigh le haghaidh an chábla seo. Beidh comhairliúchán poiblí againn i bhfómhar 2022 chun bhur n-aiseolas a fháil orthu seo.

## Buntáistí Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh

**Iomaíocht**
Brú anuas a chur i bhfeidhm ar chostas an leictreachais

**Inbhuanaitheacht**
Aistriú na hÉireann chuig gheilleagar ísealcharbóin a éascú.

**Daingneacht an tSoláthair**
Soláthar leictreachais a fheabhsú do thomhaltóirí leictreachais na hÉireann.


**Eacnamaíoch**
Cur leis an ngeilleagar réigiúnach agus tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.

**Pobal**
Tairbhe don phobal a chur ar fáil sna limistéir ina n-éascaítear bonneagar an tionscadail.

# Cad is cábla faoin talamh 400 kV ann?

Bainfimid úsáid as Sruth Ailtéarnach Ardvoltais (HVAC) le haghaidh an tionscadail seo. Baintear úsáid as an bhfoirm tarchurtha leictreachais seo i ngréasáin leictreachais, go hidirnáisiúnta agus in Éirinn. Tá faighte amach inár gcuid taighde gur cábla 400 kV faoin talamh idir Fostáisiúin Fhearann na Coille agus Belcamp an rogha is oiriúnaí don tionscadal seo. Beidh an cábla curtha timpeall 1.3 méadar faoi dhromchla an bhóthair.

Léiríonn Fíor 4 an chuma a bheadh ar ghnáthshocrú don chábla faoin talamh.




**Fíor 4: Gnáthshocrú duchta le haghaidh cábla HVAC faoin talamh**

De réir mar a théann an tionscadal seo ar aghaidh, déanfaimid gach rud is féidir chun cur isteach a tharlaíonn le linn chéim thógála an tionscadail a íoslaghdú trí dul i dteagmháil le pobail áitiúla, gnólachtaí agus úinéirí talún.

Beidh ár n-oibreacha suiteála cábla faoi réir ceadanna arna ndeonú ag an údarás áitiúil agus déanfar iad a bhainistiú de réir plean bainistíochta tráchta, chun an cur isteach is lú ar thrácht a chinntiú sa cheantar.

Taispeántar sna grianghraif seo a leanas an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar thógáil.



**Fíor 5: Gnáthshuiteáil duchta cábla sa bhóthar**



**Fíor 6: Gnáthbhá siúntála mar a nasctar cáblaí**



**Fíor 7: Cáblaí á dtarraingt isteach sna duchtanna agus sa bhá siúntála**




**Fíor 8: Gnáthbhá siúntála ag feidhmiú le linn siúntáil cáblaí**

# Cá bhfuil an limistéar staidéir?

Ar an léarscáil thíos taispeántar an limistéar molta ina dtógfar an bonneagar leictreachais le haghaidh Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh.

Sainaithneofar an bealach le haghaidh an chábla faoin talamh ag deireadh Chéim 4, tar éis tuilleadh staidéar agus comhairliúchán poiblí.





## Fostáisiún Fhearann na Coille

Tá tábhacht straitéiseach náisiúnta ag baint le fostáisiún Fhearann na Coille laistigh den eangach tarchurtha leictreachais.

Aithnímid go bhfuil an fostáisiún seo agus pobail áitiúla sa cheantar seo ag éascú réimse leathan de thionscadail bhonneagair leictreachais, lena n-áirítear:

- nasc ó Ghob na Muine go dtí Fearann na Coille;
- an tIdirnascaire Thoir Thiar;
- uasghrádú beartaithe Eangach Chill Dara-na Mí; agus
- an tIdirnascaire Thuaidh Theas beartaithe

Táimid tiomanta do bheith ag obair le gnólachtaí, pobail áitiúla, úinéirí talún agus gach phríomhpháirtí leasmhar, chun an cur isteach mar gheall ar na tionscadail seo a fhorbairt a íoslaghdú. Tá tuilleadh faisnéise faoi na tionscadail seo ar fáil ag **www.eirgrid.ie**




## Fostáisiún Belcamp

Is fostáisiún reatha é fostáisiún Belcamp 220kV suite i mBaile Átha Cliath (feadh an R139)

Roghnaíodh é mar chríoch le haghaidh an chiorcaid 400 kV ó fhostáisiún Fhearann na Coille.

Ciallaíonn sé seo gur gá fostáisiún 400 kV a thógáil, agus moltar go mbeidh seo suite taobh le fostáisiún reatha 220 kV Belcamp.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint le fostáisiún Belcamp laistigh den eangach tarchuir leictreachais, mar beidh sé ag teastáil chun freastal ar thuilleadh tionscadail forbartha eangaí.

# Cad é Fóram Pobail Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh?

## Cad é an Fóram Pobail?

Is é is cuspóir don Fhóram a chinntiú go dtuigtear tuairimí páirtithe leasmhara agus an phobail agus go ndéantar iad a bhreithniú go cuí le linn sheachadadh an tionscadail, chun a chinntiú go n-éistear le glórtha na bpobal áitiúil agus na ndaoine is mó a n-imríonn ár mbonneagar tionchar orthu. Déanann an Fóram soláthar le haghaidh comhphlé oscailte idir páirtithe leasmhara a bhfuil leas acu sa tionscadal agus foireann an tionscadail.

Táimid faoi láthair ag ullmhú chun Fóram Pobail Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh a bhunú. Beidh cathaoirleach neamhspleách ag an bhFóram.

## Ballraíocht an Fhóraim:

Beidh ballraíocht san Fhóram ag ionadaithe ó chumainn áitiúla cónaitheoirí agus pobail, chomh maith le heagraíochtaí deonacha agus spóirt i limistéar an tionscadail. Tugtar ballraíocht d'ionadaithe poiblí áitiúla freisin.

Feidhmeoidh an fóram mar chomhlacht comhairliúcháin i rith an tionscadail agus tabharfaidh sé comhairle dúinn maidir le:

- an chaoi a ndéanaimid cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal,
- an méid ar gá dúinn machnamh a dhéanamh air agus sinn ag forbairt na roghanna bealaigh; agus
- na tairbhí is féidir linn a chur ar fáil do phobail áitiúla feadh an bhealaigh (mar shampla, siúlbhealaigh, páirceanna imeartha, áiteanna súgartha, agus mar sin de).

## An féidir liom clárú san fhóram pobail?

Beidh cruinniú faisnéise againn faoin bhfóram pobail i mí an Meithimh 2022. Ansin lorgóimid léirithe spéise ó bhaill fhéideartha an fhóraim go poiblí agus cuirfimid seo chun cinn trí mheáin áitiúla, ár suíomh gréasáin agus na líonraí rannpháirtíochta pobail (PPN) sa Mhí agus i bhFine Gall.

Is éard is PPNanna ann líonraí grúpaí pobail agus deonacha i ngach ceantar údaráis áitiúil. Mura bhfuil do ghrúpa ina bhall cheana féin de do PPN áitiúil, cabhróimid leat clárú leo. Más mian leat go gcoinneofar ar an eolas thú faoin bpróiseas seo, cuir ríomhphost chuig **EastMeathNorthDublin@eirgrid.com** .



**Céim 1** Sainaithint riachtanais na heangaí i gcrích.

**Céim 2** Sainaithint na dte-icneolaíochtaí lenar féidir na riachtanais seo a chomhlíon-adh i gcrích.

**Céim 3** Cad é an rogha is fearr cén ceantar a bhféadfaí tionchar a imirt air?

**Céim 4 – Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?**

**Céim 5** Iarratas a dhéanamh ar chead pleanála.

**Céim 6** Tógáil, fuinnmhiú (í a dhéanamh beo) agus comhroinnt tairbhí.

# Céim 3 Sracfhéachaint

## Cad iad na chéad chéimeanna eile agus conas is féidir liom an nuacht is deireanaí a fhail?

Tar éis an rogha theicniúil is fearr a roghnú, cábla 400 kV faoin talamh, idir fostáisiún Fhearann na Coille agus fostáisiún Belcamp, táimid anois sna céimeanna deiridh de Chéim 3 d'Uasghrádú Eangach na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh a chríochnú.

I gCéim 4, scrúdóimid na bealaí féideartha le haghaidh an chábla faoin talamh seo. Ag deireadh an tsamhraidh, beidh comhairliúchán poiblí againn chun bhur n-aiseolas a fháil ar an rogha bealaigh is fearr le haghaidh an chábla.

## Conas a choinneoidh mé ar an eolas?

Is féidir leat teacht ar fhaisnéis mhionsonraithe agus nuashonruithe ar an tionscadal ag: **www.eirgrid.com/EastMeathNorthDublin** agus ar ár leathanaigh meán sóisialta.

## Cad ar féidir liom tionchar a imirt air?

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil, clárú chun ríomhphoist nuashonraithe a fháil nó aiseolas a thabhairt ar an tionscadal seo, is féidir leat:

- ríomhphost a chur chuig **EastMeathNorthDublin@eirgrid.com**
- teagmháil a dhéanamh le d'oifigeach teagmhála pobail áitiúil, Eoghan O'Sullivan, ar 087 247 7732
- scríobh chuig Tionscadal na Mí Thoir-Bhaile Átha Cliath Thuaidh, EirGrid, Saorphost FDN 5312, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, DO4 FW28.



The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath D04 FW28
Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.com

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte